Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13860/25**

**DENLEG 51**
**FOOD 84**
**SAN 617**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 109574 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid seileaic (E 904) i mbia chun críocha speisialta míochaine i bhfoirm táibléad agus i bhfoirm táibléad brataithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 109574.

---

Faoi iamh: D(2025) 109574

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/781 (PLAN/2025/781/788-EN.docx) D109574/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid seileaic (E 904) i mbia chun críocha speisialta míochaine i bhfoirm táibléad agus i bhfoirm táibléad brataithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid seileaic (E 904) i mbia chun críocha speisialta míochaine i bhfoirm táibléad agus i bhfoirm táibléad brataithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le maidir le breiseáin bia[1], agus go háirithe Airteagal 10(3) agus Airteagal 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia[2], agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bhia atá formheasta le húsáid i mbia agus coinníollacha a n-úsáide.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún[3] leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(3) Féadfar na liostaí sin a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil.

(4) De bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, údaraítear seileaic (E 904) lena húsáid mar bhreiseán bia i roinnt catagóirí bia.

(5) An 25 Deireadh Fómhair 2018, cuireadh iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar údarú chun seileaic (E 904) a úsáid mar oibreán glónraithe i gcatagóir bhia 13.2 'Bia chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 (seachas táirgí ó chatagóir bhia 13.1.5)' le haghaidh bianna i bhfoirm táibléad agus i bhfoirm táibléad brataithe. Cuireadh an t-iarratas ar fáil do na Ballstáit ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

---

1 IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/2024-04-23.

2 IO L 354, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1331/oj.

3 Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj).

(6) Le seileaic (E 904) a úsáidtear mar oibreán glónraithe, soláthraítear bratú cosanta ar bhianna chun críocha speisialta míochaine i bhfoirm táibléad agus i bhfoirm táibléad brataithe. Go háirithe, nuair a chuirtear seileaic (E 904) ar dhromchla seachtrach táibléad, cosnaíonn sí na táibléid ó dhíscaoileadh go dtí go sroicheann siad na hinní, rud a áirithíonn go soláthraítear comhábhair ghníomhacha táibléad go hiomchuí.

(7) An 1 Lúnasa 2024, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht ar sheileaic (E 904) mar bhreiseán bia agus an t-iarratas nua maidir le leathnú ar úsáid seileaic (E 904) i mbianna diaitéiteacha chun críocha speisialta míochaine[4]. Dhíorthaigh an tÚdarás ADI 4 mg/kg bw in aghaidh an lae le haghaidh seileaic saor ó chéir (E 904) arna táirgeadh trí dhathú fisiceach agus thug sé dá aire gur sáraíodh an ADI ag an 95ú peircintíl nochta i gcás roinnt aoisghrúpaí. Mar sin féin, agus an sárú íseal agus an chaoi a raibh an meastachán nochta agus an mheastóireacht thocsaineolaíoch ar sheileaic coimeádach araon á gcur san áireamh, mheas an tÚdarás sa chás sin nach léireodh sárú an ADI ábhar imní sábháilteachta. Ina theannta sin, mhol an tÚdarás faisnéis maidir le seileaic ina bhfuil céir a scriosadh ó na sonraíochtaí ós rud é nach n-úsáidtear é mar bhreiseán bia agus nach raibh aon sonraí ar fáil chun a shábháilteacht a dheimhniú. Mhol an tÚdarás freisin sonraí a bhailiú maidir le céannacht agus leibhéil na n-eisíontas orgánaclóirín in E 904, chun athmhachnamh a dhéanamh ar an ADI sealadach le haghaidh seileaic a tháirgtear trí thuaradh ceimiceach, chun athbhreithniú a dhéanamh ar shainmhíniú an bhreiseáin bia, chun sonraíochtaí maidir le seileaic a fhaightear trí thuaradh ceimiceach agus trí dhathú a bhaint go fisiceach a dheighilt, chun na huasteorainneacha le haghaidh luaidhe a ísliú agus chun breithniú a dhéanamh ar theorainneacha a thabhairt isteach maidir le dúile tocsaineacha eile a d'fhéadfadh a bheith i seileaic.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí úsáid seileaic (E 904) a údarú mar oibreán glónraithe i mbia chun críoch speisialta míochaine i bhfoirm táibléad agus i bhfoirm táibléad brataithe.

(9) Ós rud é nach n-úsáidtear seileaic ina bhfuil céir mar bhreiseán bia agus nach raibh aon sonraí ar fáil chun a sábháilteacht a dheimhniú, is iomchuí faisnéis maidir le seileaic ina bhfuil céir a scriosadh ó na sonraíochtaí le haghaidh seileaic (E 904).

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 1333/2008 agus (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir sin.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

---

[4] Painéal EFSA maidir le Breiseáin Bhia agus Blastáin (2024). Athmheastóireacht ar sheileaic (E 904) mar bhreiseán bia agus iarratas nua maidir le leathnú ar úsáid seileaic (E 904) i mbianna diaitéiteacha chun críoch speisialta míochaine. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 22(8), e8897. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8897.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*